

‘Giollas na gCos Dubh’

RÍONACH UÍ ÓGÁIN

Ní inniu ná inné a chuir saothar John Shaw ríméad mór orm an lá a dtáinig mé ar a leabhar *Brìgh an Òrain: The Songs and Tales of Lauchie MacLellan* agus ar léigh mé a raibh ann.¹ Ba léir go raibh caidreamh faoi leith ag John le Lauchie agus nach raibh Lauchie riamh gan scéal, amhrán nó seanchas nua le roinnt leis. Chuaigh an t-ábhar a tóigeadh ó Lauchie i bhfeidhm go mór orm – an saibhreas, an éagsúlacht agus ceol na cainte féin. Ba léir gur chuir John Shaw an-aithne ar Lauchie MacLellan agus gur iomaí comhrá agus píosa seanchais a bhí eatarthu thairis a bhfuil sa leabhar féin. As an seanchas agus as an gcomhrá a d’eascraigh an suaimhneas agus an caidreamh eatarthu.

Ach oiread le Lauchie MacLellan agus an stór ábhar aige bhí saibhreas iontach scéalta ag Pádraig Vailín Nia ó Chonamara. Bhí formhór a shaol caite ag Pádraig i bhFínis, oileán beag amach ó chósta Roisín na Mainiach, Carna, Contae na Gaillimhe. Baintreach fir a bhí in Pádraig faoin uair ar chuir mé aithne air, agus sa mbliain 1967 bhí sé féin agus a dheirfiúr Brídín tagtha chun cónaithe go Carna, i dteach beag tamall gearr soir ón tsráidbhaile. Nuair a thosaigh mé ag obair go lánaimseartha leis an mBéaloideas ag bailiú ábhair agus ág déanamh obair chartlainne, siar go hIorras Aithneach a théinn den chuid is mó, agus ar thóir amhrán agus a seanchas a bhí mé den chuid is mó freisin. Cé go dtug mé tús áite do na hamhráin sa gcuartú, luadh liom go mb’fhiú dhom cuairt a thabhairt ar Phádraigín Vail agus go raibh stór mór seanchais agus scéalta aige. Nuair a chuir mé aithne ar Phádraig in 1980, bhí sé go maith os cionn na cheithre scór. Ní raibh sa teach ach an bheirt – é féin agus a dheirfiúr Brídín – agus cuireadh fáilte mhór, chroíúil riamh romham sa teach beag sin. Níor thúisce mé seasta ar leic an dorais ná an cupán tae nó an miosúr in uisce te agus siúicre in mo láimh agam. Ar feadh tréimhse cúig nó sé de bhlianta nó mar sin bhí de sheans liom uaireanta fada a chaitheamh i mo shuí cois teallaigh acu. Chuir an bheirt acu an-spéis sna scéalta, sna hamhráin agus sa seanchas, agus bhaineadar an-spraoi as imeachtaí an tsaoil agus as saol na scéalaíochta.

Chuireadar spéis mhór chomh maith i mbailiú an bhéaloidis, agus ní raibh rud ar bith ab fhearr le Pádraig ná go dtabharfainn an leabhar *A Handbook of Irish*



Pádraig Vailín Nia agus a dheirfiúr Brídín. (Griangraf: CBÉ.)

¹ John Shaw, trans. and ed., *Brìgh an Òrain – A Story in Every Song: The Songs and Tales of Lauchie MacLellan* (Montreal: McGill-Queen’s University Press, 2000).

Folklore isteach liom agus go dtosóinn á cheistiú, i nGaeilge, faoina raibh sa leabhar sin.² Chuir Pádraig an-spéis sa nGaeilge, i bhfocla, i nathanna agus sna seanfhocla.³ Ba bhreá leis bheith á bplé. Is cuimhneach liom gur luaigh mé leis an Oll. Tomás de Bhaldraithe go raibh mé ag bailiú béaloidis thiar i gCarna. D’fhiafraigh sé dhíom cé uaidh a raibh mé ag bailiú agus nuair a thug mé ainm Phádraig dhó, dúirt sé: ‘Tá an duine is fearr aimsithe agat’.

Chuir chaon duine acu, Pádraig agus Brídín, spéis freisin sa taifeadadh fuaimne agus bhí an bheirt acu chomh sásta go mbeadh siad le cloisteáil agus le feiceáil nuair a bheidís féin imithe den saol seo. Sa mbliain 1985 rinneadh fístéip de chuid de scéalta Phádraig. Tháinig cuid d’fhoireann an Ionaid Chlosamharc i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, go Carna leis an obair theicniúil a dhéanamh. Cé nach raibh Pádraig ar fónamh an lá áirithe sin, thoiligh sé a dhul i mbun scéalaíochta. Rinne sé éacht, agus nuair a bhí an taifeadadh déanta agus an tae ólta, d’iarr Pádraig breathnú siar ar an scannán agus ba é a bhí bródúil as a lá scéalaíochta nuair a chonaic sé é féin ar an scáileán.⁴ Chuir Bord Fáilte spéis sa togra a bhí ar siúl le scéalta traidisiúnta i nGaeilge a thaifeadadh, agus bhí irisoir dá gcuid i láthair sa gcistineach beag tigh Phádraig an lá úd.⁵ Tóigeadh go leor grianghraf agus bhí pictiúr Phádraig agus Bhrídín a tóigeadh lá an taifeadta sin ar chlúdach *Ireland of the Welcomes*, iris Bhord Fáilte san am, go gairid ina dhiaidh sin, maille le cuntas beag faoi Phádraig, faoina chuid scéalaíochta agus faoin togra a bhí idir lámha. Tamall ina dhiaidh sin, tháinig litir ó Mheiriceá chugam ó bhean thall i Meiriceá, duine gaoil le Pádraig, a fuair cóip den eagrán áirithe sin de *Ireland of the Welcomes*. Scríobh sí gur baineadh siar go mór aisti ach gur chuir sé sciatháin ar a croí, Pádraig a fheiceáil ar chlúdach na hirise agus é i mbun scéalaíochta. Tháinig Pádraig i gcabhair orm lá mór sin na bhfistaifeadadh agus laethanta eile faoi mar a dheireadh sé féin ‘chomh minic is tá méar orm’.

Ach cén chaoi le fáilte agus féile Phádraig agus Bhrídín a chúiteamh? Thuig mé go maith nach raibh an meas ná an blas céanna ag Pádraig ar an mbuidéal Paddy a thabharfainn chuige ó am go chéile agus a bhí ar an mbraon dúchasach. Dhá réir sin, chuir sé an-áthas orm nuair a thugadh sé deis dhom anois is arís é a thiomáint fhad leis na hOileáin, áit a raibh soláthar cúpla mí de thogha an stuif le fáil aige. Ar an tine oscailte a dheintí an chócaireacht ar fad. Ba bhreá leo ronnach úr nó bia farraige ar bith. D’íosaidís uibheacha gach darna lá agus ní raibh lá ar bith nach raibh Pádraig ag cangailt creathnaí agus ag ithe carraigín.

Idir na blianta 1980 agus 1986 ba mhó a bhí mé i gcomhlúadar Phádraig agus Bhrídín. Ar chuile chuairt bheinn cúpla uair a chloig sa teach agus d’inseodh Pádraig scéal nó dhéanfadh sé píosa cainte faoi amhrán, nó arís ar ais b’fhéidir go mbeadh sé ag cur síos ar chúrsaí leighis nó mná luibheanna nó b’fhéidir go n-inseodh sé slám scéalta faoi Dhónall Ó Conaill nó faoi Naomh Cáillín. I measc na scéalta aige bhí ‘Curadh Glas an Eolais’, ‘An Dearg Mór’, ‘Rí Lochlainn’, ‘Scéal Chearbhalláin’, ‘Dubhmhac agus Donnmmhac’, ‘Conchubhar Mac na Baintrí’, ‘An Doghardán’ agus an scéal is cuid den aiste seo ‘Giollas na gCos Dubh’.

An lá deireanach de Mheán Fómhair, 1982, d’inis Pádraig a leagan féin de ‘Giollas na gCos Dubh’ dom. Ba mhaith leis i gcónaí an maidhc a bheith ina láimh aige nuair a bheadh taifeadadh ar siúl; agus ba chuid lárnach de na seisiúin thaifeadta agus den scéalaíocht í Brídín, Ba bhreá léi na scéalta agus

² Seán Ó Súilleabháin, *A Handbook of Irish Folklore* (Hatboro, PA: The Folklore of Ireland Society, 1942). Treoirleabhar i mBéarla do bhailitheoirí béaloidis atá sa leabhar seo.

³ Tomás de Bhaldraithe, *Foirisiún Focal as Gaillimh* (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 1985).

⁴ Fístéip, CBÉ V0053. D’inis Pádraig trí scéal an lá úd: ‘Curadh Glas an Eolais’, ‘Sir Lord O’Connor’ agus ‘Conchúr Mac na Baintrí’.

⁵ Tháinig deireadh le Bord Fáilte in 2003; cuireadh Fáilte Ireland ar siúl ina áit.

d’éisteadh sí le chuile fhocal agus chuile eachtra go cúramach. Bhíodh sí féin istigh sa scéal ar bhealach faoi leith – bhí bá aici leis an ngaiscíoch agus leis an scabhaitéara. Cé go raibh an scéal cloiste cheana aici, ba nuaíocht agamsa é agus chaith an bheirt againn tamall ag éisteacht le Pádraig.

Ní fios baileach cá bhfuair Pádraig Vail a chuid scéalta. Bhí na hamhráin, an ceol agus an damhsa go mór chun tosaigh i bhFínis ach tá seans gur ó thaobh a mháthar, Máire Ní Ghuairim, a thóig Pádraig na scéalta. B’as Fínis dhi féin ach go raibh baint aici leis an bpobal taobh thiar de Charna, ceantar a raibh cáil na scéalaíochta air.⁶ Tús an chéid seo caite a rugadh Pádraig agus Brídín agus is iomaí athrú saoil a chonaiceadar. Na blianta a rabhadar i bhFínis, ní raibh mórán de mhaoín an tsaoil ag duine ar bith. Ach san am céanna, chaitheadh sé go bhfaca agus gur chuala Pádraig agus Brídín go leor spraoi, ceol, damhsa, agus amhrán sna tithe beaga i bhFínis. I ndaonáireamh 1911 tugtar an t-eolas dhúinn go mba é Pádraig an té ba shine den mhuirín agus go raibh beirt deirfiúr, Annie agus Bridget, agus deartháir amháin, Peter, aige.⁷ I bhFínis a rugadh agus a tóigeadh Pádraig, agus an chuid ba mhó dá mhuintir roimhe sin. Nuair a bhí Pádraig ina dhéagóir, bhí pobal bríomhar, timpeall céad, ina gcónaí i bhFínis. Bhí scoil ann agus freastal ar an scoil. De réir a chéile tháinig meath ar an daonra agus faoin uair ar thug Séamus Mac Aonghusa, an bailitheoir ceoil, cuairt ar an oileán daichidí na haoise seo caite, ní raibh cónaí ach ar an leathchhead ann.

Is fiú smaoineamh siar ar obair an bhailitheora seo agus ar an dlúthcheangal a bhí aige le Fínis, thar aon bhailitheoir eile de chuid Choimisiún Béaloideas Éireann. Ba bhreá leis muintir Fhínse, a gcomhlúadar agus a spraoi, agus bhailigh sé neart ceoil, amhrán agus seanchais uathu, go háirithe ó Sheáinín Choilmín Mac Donncha agus a mhuintir. Chomh maith leis an ngreann, leis an spraoi, leis an damhsa, leis na hamhráin agus leis an gceol bhí cluichí cártaí ar siúl agus cupáin dhá léamh.⁸ Ach ní cosúil gur casadh mac Vail ar Shéamus, nó más rud é gur casadh, níor luaigh Séamus ina dhialann é, agus níor thagair Pádraig dhó agus mé ar cuairt aige.

Bhí ceangal le dúchas i bfad siar ag Pádraig Vail le Fínis. Chaithfeadh sé, mar sin, go raibh uaigneas mór air agus é ag fágáil slán leis an mbaile le theacht go Carna. B’fhéidir go raibh léargas beag ar an uaigneas seo agam lá a dtug Seán Guairim ó Roisín na Mainiach Brídín agus mé féin go Fínis. Ní raibh aon fhonn go Fínis ar Phádraig. Creidim go gcuirfeadh sé an iomarca uaignis air cuairt a thabhairt ar a fhód dúchais, áit a raibh na coiníní i réim faoin staid seo agus gan duine ná deoraí ina gcónaí ann.⁹ Bhí uaigneas dá cuid féin ar Bhrídín. Nuair a shroich muid Fínis, thug Brídín fhad le fothrach tí muid – tigh muintir Nia. Bhí crann spíonán fós ag fás os comhair an tí, an t-aon chrann spíonán i bhFínis a dúirt Brídín. Nuair a chonaic sí an crann, agus é fós ag cur fás uaidh, chaith Brídín í féin ar an talamh agus chaoin sí go géar. Chomh luath is bhí an racht uaignis thart bhí Brídín ar a seanléim aríst agus ar ais abhaile linn sa gcurach. Níor chuir Pádraigín aon cheist orainn faoin turas agus ba bheag cainte a rinneadh faoi. Ach chaitheadh sé gur inis, agus b’fhéidir gur fhoghlaím, Pádraig a chuid scéalta, nó cuid

⁶ Mo bhuíochas le Kelly Fitzgerald, le Seán Guairim, le Máire Ní Fhlatharta agus le Jackie Mac Donncha as a gcuid cabhrach leis an alt seo.

⁷ http://www.census.nationalarchives.ie/pages/1911/Galway/Skannive/Finish_Island/453689/; ceadaithe 25/06/2025.

⁸ Féach Séamus Mac Aonghusa, *‘Mise an Fear Ceoil’: Séamus Ennis – Dialann Taistil 1942-1946*, eag. Ríonach uí Ógáin (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2007), 119 agus *passim*. Féach freisin Cnuasach Bhéaloideas Éireann ls. CBÉ 1280: 297–299, áit ar thug Seáinín Choilmín Mac Donncha cuntas ar a shaol do Shéamus Mac Aonghusa. Ceol, damhsa, amhráin agus spraoi seachas an scéalaíocht is mó a thagann chun tosaigh sa gcuntas uaidh agus é ag cur síos ar chaitheamh aimsire i bhFínis.

⁹ Tá cuntas ag Tim Robinson faoi Fhínis faoi mar a chonaic sé féin é in *Connemara – A Little Gaelic Kingdom* (Dublin: Penguin Ireland, 2011), 194–197.

acu ar a laghad, cois teallaigh sa teach sin – an teach beag a raibh crann spíonán taobh amuigh dhe. Chuile sheans gur ann a chuala sé ‘Giollas na gCos Dubh’ an chéad lá riamh.

Scéal neamhchoitianta go leor é scéal seo Phádraig ‘Giolla na gCos Dubh’ agus tá a leagan féin aige dhe. Oíche Shamhna a tharla an eachtra do Ghiollas, oíche a bhfuil cáil i gcónaí uirthi go mbíonn an lucht sí, neacha osnádúrtha agus imeachtaí aisteacha san aer. Is minic gur Oíche Shamhna a chastar na sióga leis an duine beo.¹⁰ Tagann an lucht sí chun tosaigh sa scéal agus go háirithe an chumhacht acu le buidéilín draíochta agus an treoir faoi na trí sraoi a chuireann ar a gcumas an cailín a fhuadach.¹¹ Is ó na sióga freisin a thagann an treoir lena hurlabhra a thabhairt ar ais don chailín. Tá a fhios acu gur sa mbiorán suain i gcúl a cinn atá an chumhacht. Cé nach eol dúinn san insint ag Pádraig cén áit go baileach a bhfuil an eachtra suite, tagann na Sé Chontae, Contae na Mí agus an Róimh i gceist – áiteacha atá píosa fada ó Charna.

Go dtí seo, níor tháinig mé ach ar dhá leagan eile dhe, ach is cinnte go dtiocfaidh leaganacha eile chun solais le himeacht aimsire. Tá leagan den scéal ag Dúbhghlas de hÍde ina *Leabhar Sgeulaigheachta*.¹² ‘Goillís na g-Cos Dubh’ atá ar an scéal ann. Scríobh de hÍde gur chuala sé an scéal fada seo ó shean mhaor géim, Séumas Ó h-Airt, i Ros Comáin, san áit a dtagann an contae sin le chéile le Maigh Eo agus Sligeach. Bhí Séumas básaithe faoin uair a raibh an leabhar á chur le chéile ag de hÍde, agus dá réir sin, is óna chuimhne a scríobh de hÍde é. Scríobh sé ‘it was an interminable story’.¹³ Tá leagan eile de ‘Giollas na gCos Dubh’ i mBailiúchán na Scol.¹⁴ Is ó Phádraig Ó Súilleabháin, i mBaile an Sceilg Thiar a bhailigh Maidhcín Sheáinín (Micheál Ó Siochrú) an scéal idir 1932 agus 1934. B’fhiú mionchíoradh a dhéanamh ar an dá leagan eile seo agus iad a chur i gcomórtas le leagan Phádraigín Vail. Agus is cinnte gur leaganacha den scéal céanna iad ach miondifríochtaí agus difríochtaí móra eatarthu. Tá na sióga – a gcumhacht, agus a gcaidreamh le Giollas – go mór chun tosaigh sna trí leagan faoi mar atá an chuairt ar an bpápa agus an ceadú do shagart aifreann a léamh arís.

Nuair a bhí mé ag bailiú ábhair sna blianta sin, go háirithe agus mé ag tosaí amach ar an obair pháirce, ar chaoi eicint bhí comhthéacs agus comhthéacsú an ábhair sa dara háit. Bhí mé ar bís na scéalta féin a thógáil ó Phádraig. Ag breathnú siar anois air, bhí iontas agus áthas mór orm bheith ag éisteacht leisean agus é i mbun scéalaíochta. Ba chuid de na scéalta é agus bhí sé féin istigh iontu. Ní féidir Pádraig agus na scéalta a scaradh óna chéile. Ba bhreá liom dá mbeadh tuilleadh ceisteanna curtha agam air – faoin scéalaíocht agus faoin saol i bhFínis, faoin lucht éisteachta, faoi na hócáidí scéalaíochta agus go leor eile. Ach thar rud ar bith eile, léirigh sé dhom go mba duine é a raibh bua faoi leith aige, é oilte ar ghnaithí na scéalaíochta ó thaobh ealaíne agus aestéitice dhe. Ach faoi mar a dúirt Pádraig féin, ‘is dóigh go bhfuil sé cúpla céad bliain ó bhí sé ann’.

‘Giollas na gCos Dubh’¹⁵

Pádraig: Bhí fear fadó ann agus is é an t-ainm a bhí air Giollas na gCos Dubh. Is dóigh gur leasainm a bhí air – Giollas na gCos Dubh. Ach bhíodh sé ag cuartaíocht a chuile oíche, ach bhí sé ag

¹⁰ Féach, mar shampla, Seán Ó hEochaidh, Máire Mac Néill agus Séamas Ó Catháin, *Síscéalta ó Thír Chonaill: Fairy Legends from Donegal* (Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, 1977), 104–108.

¹¹ Féach ‘Na Trí Srófartaigh’ in Ó hEochaidh et al, *Síscéalta*, 52–55.

¹² Dúbhghlas de hÍde, *Leabhar Sgeulaigheachta* (Baile-ath-cliaith: Gill, 1889), 12–95.

¹³ de hÍde, *Leabhar Sgeulaigheachta*, 239.

¹⁴ Cnuasach Bhéaloideas Éireann Is. CBÉ S 0478: 429–436.

¹⁵ Cnuasach Bhéaloideas Éireann, An Chartlann Fuaime, Ríonach uí Ógáin, Téip 32. Thart ar dhá nóiméad déag a chaith Pádraig á insint.

cuartaíocht Oíche Shamhna ar chaoi ar bith agus nuair a bhí sé ag teacht abhaile casadh beirt fhear dhó agus bean istigh idir iad agus iad ag tarraingt na mná ina ndiaidh. Agus rith sé go dtí iad.

‘Go mba seacht measa sibh bliain ó anocht,’ a deir sé, ‘agus deamhan agus diabhal ag obair aige agus scaoileadar uathu an bhean. Agus chonaic sé ag gabháil isteach ar mhullach a gcinn in aill iad. Ní raibh an aill i bhfad ón teach a raibh sé ina chónaí ann ar chor ar bith. Ach labhair sé leis an mbean is níor labhair an bhean leis.

Ach sa deireadh rinne sé comhartha léi an dtiocfadh sí in éineacht leis féin agus rinne sí comhartha leis go dtiocfadh. Thug sé isteach go dtína mháthair í, ní raibh ann ach an mháthair agus é féin. ‘Ó, nár laga Dia thú,’ a deir an mháthair, a deir sí, ‘tá bean faighte agat ar deireadh’.

‘Tabhair thusa aire dhi, a mháthair,’ a deir sé, ‘ar chaoi ar bith. Níl a fhios agamsa beo,’ a deir sé, ‘cé hí féin’. Níor labhair sí leis an máthair agus níor labhair sí le Giollas. Níor labhair sí le ceachtar acu. Is bhí sí ina bean oibre chomh maith is bhí sa tír ach ní raibh focal cainte ar bith aici. Ach bhí sí ag imeacht is ag obair léi mar sin nó go dtáinig Oíche Shamhna aríst. Ach nuair a tháinig Oíche Shamhna aríst bhí Giollas amuigh a cuartaíocht. Agus chuaigh sé chuig doras na bruíne, san áit a bhfaca sé an bheirt fhear a gabháil isteach sa mbruíon.

‘Á,’ dúirt an tsíóg taobh istigh, a deir sí, ‘bliain san oíche anocht,’ a deir sí, ‘a thug Giollas na gCos Dubh inniu an bhean uaibh’.

‘Muise, cén mhaith dhó í ó shin?’ dúirt an ceann eile, a deir sí. ‘Níor labhair sí ó shin leis.’

‘Muise, m’anam nach mbeadh sé mar sin,’ a dúirt an bhean eile, ‘dá mbainfeadh sé an biorán suain atá i gcúl a cinn as, go labhródh sí leis’.

Níor rinne sé seo ach rith, agus a theacht abhaile. Bhí sé a gabháil timpeall ar an mbean nó go bhfuair sé a ghreim, nó go bhfuair sé an biorán, is go dtug sé leis é agus bhí sí ar nós bean ar bith ansin. Bhí neart cainte aici, an chaint a bhí riamh aici a bhí sé aici ar chaoi ar bith.

‘Well,’ a deir sí, ‘is tú an fear is fearr,’ a deir sí, ‘a chonaic mé ariamh,’ a deir sí.

‘Cérb as thú anois?’ a deir Giollas.

‘As Contae na Mí,’ a dúirt sí.

‘An bhfuil sé sin i bhfad ó bhaile?’ a deir Giollas.

‘M’anam,’ a deir sí ‘go bhfuil sé píosa maith ó bhaile, Contae na Mí, ach ní ghabhfaidh mise go Contae na Mí,’ a deir sí. ‘Tá mise,’ a deir sí, ‘a dhul a fanacht in éineacht leatsa,’ a deir sí, ‘má tá tú sásta’.

‘Ó, *bydad*,’ a deir sé, ‘tá mé sásta,’ a deir sé ‘ach,’ a deir sé, ‘níl mé sách maith le haghaidh thú, agus nuair nach bhfuil,’ a deir sé, ‘téir abhaile,’ a deir sé, ‘go dtí do mhuintir féin’.

‘Well, más mar sin anois é,’ a deir sí, ‘gabhfaidh mé abhaile ach thar éis go ngabhfaidh mé abhaile,’ a deir sí, ‘tá me a dhul a teacht in éindigh leatsa aríst. Mar,’ a deir sí, ‘is tusa a shábháil mise,’ a deir sí, ‘agus ní bheidh mé ag aon nduine eile. An dtiocfaidh tú in éineacht liom?’ a deir sí.

‘*Bydad*, tiocfad,’ a deir Giollas.

Is dóigh nach raibh aon bhóthar ann an t-am sin ach cosáin, ach má bhí an cosán ann nó mara raibh, thugadar bóthar leothub, nó go dtáinigedar go Contae na Mí. Nuair a tháinigedar go Contae na Mí d’fhiafraigh – dúirt Giollas leis an mbean óg: ‘Má théann tusa isteach anois,’ a deir sé, ‘an doras, go dtí do mháthair,’ a deir sé, ‘titfidh sí i lagar,’ a deir sé, ‘le faitíos romhat’.

‘Tá a fhios agam é,’ a dúirt sí.

‘Ach an bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas tú,’ a deir sé, ‘fan ansin agus gabhfaidh mise isteach,’ a deir sé. ‘agus iarrfaidh mé lóistín, go bhfanfainn ann,’ a deir sé, ‘go maidin’.

Chuaigh Giollas isteach agus nuair a bhí sé taobh istigh den doras, dúradh leis suí. ‘No, níl mé a gabháil a suí,’ deir sé ‘mara bhfaighe mé lóistín go maidin,’ a deir sé. ‘Tá mé ar an mbóthar’ a deir sé.

‘Muise, m’anam go bhfaighfidh,’ a dúirt bean an tí leis. ‘Ach fan mar atá’.

‘Muise,’ a deir sé, ‘a raibh aon chomhluadar anseo,’ a deir sé. ‘ach an bheirt agaibhse?’

‘Á muise, bhí, a stór,’ a deir sí. ‘Bhí iníon agamsa,’ a deir sí, ‘chomh breá,’ deir sí, ‘agus bhí in Éirinn,’ a deir sí, ‘ná in áit ar bith eile den tsaoil,’ a deir sí. ‘Agus,’ deir sí, ‘cailleadh í,’ a deir sí, ‘bliain ó mhí Shamhna seo caite’.

‘Meastú,’ a deir Giollas, a deir sé, ‘dá bhfeicteá í, an n-aithneofá í?’

‘Óra, a stór,’ a deir sí, ‘tuige nach n-aithneoinn?’

‘Well, tá d’iníon agamsa,’ deir sé.

‘Níl, muis,’ a deir an tseanbhean.

‘D’fhéadfá a rá,’ deir sé, ‘go bhfuil. An bhfuil tú ag iarraidh í a fheiceáil?’ a dúirt sé.

‘D’fhéadfá a rá go bhfuil,’ a dúirt an tseanbhean.

Sheas sé sa doras. ‘Gabh i leith isteach anseo,’ a deir sé, is shiúil an cailín óg isteach an doras. Ní raibh faitíos ar bith ar an mbean eile. Anois bhí bainis seacht n-oíche agus seacht lá acu agus gan iad pósta ar chor ar bith. Ach ar deireadh na cúise thiar, phósadar ansin agus tháinigedar anuas arís go dtína gcontae féin agus d’fhanadar ann. Ach níor shásaigh sin Giollas. Bhí Giollas amuigh i gcónaí.

Bridín: Bhí sé ina ‘Flowerín’.¹⁶

Pádraig: Ach bhí sé an oíche seo amuigh agus casadh slua siogaí dhó – an slua sí mar a déarfá – agus d’fhiafraigh an slua sí dhe, ‘An dtiocfaidh tú in éineacht linn?’ a deir sé.

‘Cá bhfuil sibh a gabháil?’ a dúirt Giollas.

‘Tá muid ag gabháil don taobh ó thuaidh,’ a deir sé, ‘chun na Sé Chontae,’ a deir sé, ‘ag iarraidh bean’.

‘Ó muise, m’anam go ngabhfad,’ deir Giollas.

Agus bhí sagart sa mbaile agus bhí cead aifrinn bainte dhe ag an easpag, nó ag an bpápa. Agus níor rinne siad seo ach a dhul in éineacht, éirí san aer agus bailiú leothub agus a dhul suas go dtí na Sé Chontae ag iarraidh na mná. ‘Tá bainis anocht ann,’ dúirt sé, dúirt an tsióg, a dúirt sí, ‘agus beidh sí istigh,’ deir sí, ‘idir dhá bhean ar a leaba agus,’ a deir sí, ‘cuirfidh tú é seo suas ina srón,’ a deir sí, ‘agus ligfidh sí trí shraoi. Agus mura ndeirtear,’ a deir sí, “‘Dia linn!’ léi, thríd na trí shraoi,’ a deir sí, ‘tá sí againne’.

‘*Alright*,’ a deir Giollas.

Bhailigh Giollas leis agus tháinig sé soir leo is níor stopadar is níor chónaíodar nó go rabhadar i ngar do na Sé Chontae. ‘Á, ní ghabhfaidh mise anonn níos faide,’ a deir Giollas, a deir sé, ‘ná diabhal fad mo choise,’ a deir sé, ‘a ghabhfas níos faide. Caithfidh mé a dhul amach’ a dúirt sé.

‘Céard atá ort?’ a dúirt na siogaí. ‘Ba cheart daoibh,’ a deir sé, ‘mé a thabhairt don Róimh,’ a deir sé.

‘Céard atá don[?] Róimh agat?’ a dúirt an tsióg.

‘Tá,’ a deir sé, ‘sagart sa mbaile againn,’ a deir sé, ‘agus tá cead aifrinn bainte dhe ag an bpápa,’ a dúirt sé, ‘agus go ndéarfadh mé leis,’ deir sé, ‘cead aifrinn a thabhairt dhó nuair nach bhfuil aon bhlas as bealach déanta aige agus nár rinne ariamh’.

¹⁶ Leasainm é ‘An Flowerín’ ar chomharsa le Brídín agus Pádraig i gCarna, Cólín Sheáinín Choilmín, as Finis, a bhíodh amuigh i gcónaí. Rinne Cólín an t-amhrán ‘An Flowerín’.

‘Ó, tá an t-achar ró-fhada,’ dúirt na siógaí.

‘Má tá,’ a deir sé, ‘bailigí libh,’ a deir sé, ‘déanfaidh mise mo bhealach abhaile’.

‘Ach ní túisce ná ligfeas muid uainn thú,’ deir an tsióg, a deir sí ‘rachaidh muid don Róimh,’ a deir sí.

Ní rabhadar ró-fhada a dhul ann. D’fhan na siógaí taobh amuigh is chuaigh Giollas isteach. Bhuail sé an doras. Tháinig an cailín go dtí é.

‘Céard atá ort?’ a deir sí.

‘Tá mé ag iarraidh an pápa a fheiceáil,’ a dúirt sé.

‘Ó níl aon ghoir agat an pápa a fheiceáil,’ dúirt an cailín, ‘mara dtabharfaidh sé féin cead. Fan ansin,’ a deir sí ‘go labhraí mé leis’.

Chuaigh an cailín isteach is dúirt sí leis an bpápa go raibh fear sa doras ag iarraidh é a fheiceáil.

‘Abair leis a dhul isteach,’ a deir sé.

Chuaigh sé isteach. D’fhiafraigh an pápa dhe ‘Cá bhfuil tú a gabháil?’

‘Tá cead aifrinn,’ a deir sé, ‘bainte agatsa,’ deir sé, ‘de shagart,’ a deir sé, ‘atá thíos againne,’ a deir sé, ‘agus,’ a deir sé, ‘tá cead aifrinn bainte dhe. Níl aon rud as bealach déanta aige.’

‘Téir abhaile,’ deir an pápa, deir sé, ‘nó cuirfidh mise deifir abhaile ort. Ní bhfaighfidh sé aon chead aifrinn go deo,’ a deir sé. Diabhal blas a rinne Giollas bocht ach a dhul amach.

‘Is ea,’ deir na siógaí, ‘an bhfuair tú cead aifrinn?’ ‘Ní bhfuair,’ a deir sé.

Thug na siógaí buidéilín beag, bídeach dhó. ‘Gabh isteach anois aríst,’ a deir sé, ‘agus iarr cead an aifrinn air,’ deir sé, ‘agus abair leis,’ a deir sé, ‘mura dtabharfaidh sé cead aifrinn don tsagart,’ a deir sé, ‘go lasfaidh tú an pálás air. Agus má abraíonn sé leat nach dtabharfaidh,’ deir sé, ‘buail braon de seo ar an mballa,’ deir sé, ‘agus lasfaidh an teach. Ach ní lasfaidh sé,’ deir sé.

Chuaigh Giollas isteach arís. D’fhiafraigh sé den phápa, ‘Ba cheart duit cead aifrinn a thabhairt don tsagart,’ a dúirt sé.

‘Nár dhúirt mé cheana leat,’ a dúirt an pápa, a deir sé, ‘nach bhféadfainn aon chead aifrinn a fháil chúns atá sé bainte dhe,’ deir sé, ‘nach bhfaighfidh sé go brách é’.

‘Lasfaidh mé an pálás ort,’ a deir mo dhuine, a deir sé, ‘mura dtabharfaidh tú cead aifrinn dhó’.

‘Ní bhfaighfidh,’ a dúirt sé.

Diabhal blas a rinne sé seo ach braon a chaitheamh as an mbuidéal a gabháil amach agus las, las an pálás.

‘Ó, do charghais do chroí ar chaoi ar bith,’ a deir an pápa, a deir sé. ‘Tabharfaidh mé cead aifrinn dhó,’ a dúirt sé.

‘Scríobh i do láimh féin anois,’ a deir Giollas, a deir sé, ‘nóta chugamsa,’ a deir sé, ‘le tabhairt don tsagart,’ a deir sé, ‘amach ó do lámh go bhfaighfidh sé cead aifrinn,’ a deir sé, ‘agus nach mbainfear dhe é go brách aríst é’.

Scríobh an pápa agus níor las an teach air. Ní raibh blas ar bith déanta air. Chuaigh Giollas amach agus an páipéar aige. Tháinig sé go dtí na siógaí.

‘Is ea,’ a deir na siógaí, ‘bhfuil cead an aifrinn faighte aige?’

‘Bydad, tá,’ a deir sé.

Choinnigh sé go crua, daingean é sin anois, chuir sé síos ina phóca é agus chas sé ruóg ar an bpóca, faitíos go n-imeodh an páipéar as. Agus diabhal stop a rinneadar go ndeachadar go dtí na Sé Chontae. Tháinigeadar isteach. Bhí daoine a titim anonn is a titim anall agus iad seo a gabháil síos thríd an teach go ndeachadar suas sa seomra san áit a raibh an bhean óg. Daoine a gabháil fhoinn agus daoine a damhsa agus daoine a déanamh chuile spraoi dhá bhféadfaí is dá fheabhas is dá bhfuil ann

go mór as éadan, sin go ndeachadar seo suas sna frathachaí agus ní i bhfad bhíodar ann chor ar bith nuair a chuir sé seo anuas rud mar a d'fheicfeá sop tuí nó rud eicint. Chuir sé ina srón seo é agus lig sí sraoi. Níor rugadh ar a tsraoi, níor dhúradh 'Dia linn!' ná tada an bhfuil a fhios agat. Rinne sé an darna huair é. Níor dhúirt duine ar bith 'Dia linn!' ná tada. Rinne sé an tríú huair é agus níor dhúradh 'Dia linn!' ná tada leis an mbean óg.

'Goirim péin is coisricim thú Dia is Muire is buan baiste,' a dúirt sé.

Caitheadh ina spreas anuas ar an urlár é.

Is bhailigh na siogaí leothub. Is nuair a bhí sé ar an urlár diabhal blas a bhí ar an mbean óg, bhí sí chomh maith is bhí sí ariamh. Is thosaigh sí a fiafraí dhe, 'Céard a d'éirigh dhom nó céard sa diabhal a chuir ansin é?'

D'inis sé dhóibh, cibí fáilte a bhí roimh dhuine ar bith a raibh sa teach, bhí dhá oiread roimh Giollas na gCos Dubh. Ach nuair a bhí na bainiseachaí fágtha aige tháinig Giollas na gCos Dubh abhaile dá shiúl. Is fada an siúl a bhí le déanamh aige. Péibí cén t-achar ó shin é sin, is fadó an lá é is dóigh.

Ach dá mbeinnse an uair sin ann ní bheinn anois ann, ar chaoi ar bith. Is dóigh go bhfuil sé cúpla céad bliain ó bhí sé ann.

Brídín: Anois tá scéilín eile agat.

English Summary

This essay presents and reflects on a tale entitled 'Giollas na gCos Dubh' [Giollas of the Black Feet] recorded from Pádraig Ó Nia in 1982. Pádraig and his sister Brídín, originally from the island of Fínis, County Galway, came to live near Carna, the mainland village closest to them. They were most welcoming and fun-loving, and Pádraig had a wealth of stories and lore. Between 1980 and 1986 the author spent many hours at their fireside, listening, learning and making field recordings. To date, only two other versions of the tale have been identified, although some of the motifs are found in other narratives, especially those connected with the Otherworld.

The tale concerns Giollas and his adventures when, at Halloween, he rescued a mortal girl from the fairies. Giollas brought the girl home to his mother where she was a wonderful worker but had lost the power of speech. The following Halloween, Giollas heard the fairies saying that the girl would recover the power of speech if Giollas released the sleep charm from the back of her head. He did so, and the girl recovered her speech. She said she wanted to be with Giollas and they set off to County Meath to the girl's mother. The mother was overjoyed, and Giollas and the girl married.

Giollas encountered fairies again, and they told him they were travelling to the Six Counties in search of a girl. Giollas said he would accompany them, but had to visit the Pope in Rome beforehand, to have permission to read mass restored to a priest whom Giollas knew, a priest who had done nothing wrong. They journeyed to Rome and, with the help of the fairies, the Pope gave in and signed a piece of paper giving the priest permission to read mass. They continued the journey to the Six Counties until they came to where the girl was. The girl sneezed three times but no-one said 'God bless you!' or such. Giollas said, 'God protect you and preserve you' and the fairies went away, and the girl was as good as ever. Giollas made his way home.

FOINSÍ

Cnúasach Bhéaloideas Éireann

- CBÉ S 0478 (ls.)
- CBÉ 1280 (ls.)
- CBÉ V0053 (fistéip)
- An Cartlann Fuaime, Ríonach uí Ógáin, Téip 32 (téip fuaime)

Leabharliosta

de Bhaldráithe, Tomás. *Foirisiún Focal as Gaillimh*. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 1985.

de h-Íde, Dúbhghlas. *Leabhar Sgeulaigheachta*. Baile-ath-cliaith: Gill, 1889.

Mac Aonghusa, Séamus. ‘*Mise an Fear Ceoil*’: *Séamus Ennis – Dialann Taistil 1942–1946*. Curtha in eagar ag R. uí Ógáin. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2007

Ó hEochaidh, Seán, Máire Mac Néill agus Séamas Ó Catháin. *Siscéalta ó Thír Chonaill: Fairy Legends from Donegal*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, 1977.

Ó Súilleabháin, Seán. *A Handbook of Irish Folklore*. Hatboro, PA: The Folklore of Ireland Society, 1942.

Robinson, Tim. *Connemara – A Little Gaelic Kingdom*. Dublin: Penguin Ireland, 2011.

Shaw, John (trans. and ed.). *Brìgh an Òrain – A Story in Every Song: The Songs and Tales of Lauchie MacLellan*. Montreal: McGill-Queen’s University Press, 2000.